Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**16193/22**

**ENT 175**
**MI 966**
**CONSOM 348**
**COMPET 1055**
**UD 288**
**CHIMIE 106**
**COMER 158**
**CODEC 2061**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 679 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 679 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 679 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.12.2022
COM(2022) 679 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA**

**maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA**

**maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93**

# 1. RÉAMHRÁ

Tá léargas curtha ar fáil sa tuarascáil ar conas a cuireadh forálacha Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú ('an Rialachán') chun feidhme idir 2018 agus 2022, de réir mar a foráladh faoi Airteagal 40 den Rialachán.

Ní meastóireacht í an tuarascáil ar ábharthacht cothrom le dáta agus comhsheasmhacht an chreata maidir le feidhmiú agus marcáil CE. Tá meastóireacht déanta ar na gnéithe sin faoin 'Meastóireacht ar an gCreat Reachtach Nua (NLF)'[1] a rinne an Coimisiún in 2022.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo i gcomhar leis na Ballstáit trí fhomheitheal creidiúnúcháin na meithle saineolaithe um an 'Margadh inmheánach táirgí'.

# 2. CREIDIÚNÚ

## 2.1 Ról an chreidiúnaithe

Ní mór táirgí a chuirtear ar an margadh (ar nós táirgí foirgníochta, bréagán nó innealra) a bheith sábháilte agus na ceanglais reachtacha is infheidhme a chomhlíonadh. Cé nach mór do mhonaróirí a áirithiú go gcomhlíonann a dtáirgí na ceanglais, déanann comhlachtaí neamhspleácha, ar a dtugtar 'comhlachtaí um measúnú comhréireachta' nó 'comhlachtaí creidiúnaithe' a fhíorú an gcomhlíonann na táirgí na ceanglais reachtacha is infheidhme sular gcuirtear na táirgí sin ar an margadh. Is gnách go n-úsáideann cuideachtaí na comhlachtaí sin go deonach chun comhréireacht a léiriú le caighdeáin nó le ceanglais mhargaidh, fiú i gcás nach bhfuil ceanglas reachtach ann é sin a dhéanamh.

**Is éard is creidiúnú ann an fianú ón gComhlacht Creidiúnaithe Náisiúnta go bhfuil an inniúlacht theicniúil ag comhlacht um measúnú comhréireachta ar ghníomhaíocht shonrach um measúnú comhréireachta a dhéanamh.**

Gníomhaíonn Comhlachtaí Creidiúnaithe Náisiúnta mar údaráis phoiblí.

***Déanann Comhlachtaí Creidiúnaithe Náisiúnta faireachán agus athmheasúnú ar na comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe acu.*** I gcás ina ndéanann Comhlacht Creidiúnaithe Náisiúnta amach nach bhfuil comhlacht um measúnú comhréireachta inniúil a thuilleadh gníomhaíocht shonrach um measúnú comhréireachta a

[1] https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/goods/new-legislative-framework_ga

dhéanamh nó go ndearna sé sárú tromchúiseach ar a oibleagáidí, déanann sé bearta iomchuí chun an creidiúnú a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar.

**Is gcás táirgí a rialaítear ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus má fhorálann an reachtaíocht is infheidhme maidir le rannpháirtíocht comhlacht um measúnú comhréireachta, déanann comhlachtaí um measúnú comhréireachta arna n-ainmniú ar an leibhéal náisiúnta — Comhlachtaí faoina dTugtar Fógra — measúnú ar an táirge agus eisíonn siad fianú comhréireachta sula bhféadfar an táirge a chur ar an margadh.**

**Is é an creidiúnú an modh is mó a úsáidtear chun inniúlacht theicniúil na Comhlachtaí faoina dTugtar Fógra a léiriú.**

Is leis an Rialachán a leagtar síos an creat dlí maidir le creidiúnú. Tá feidhm ag an Rialachán maidir le creidiúnú, bíodh sé éigeantach nó deonach[2].

Thairis sin, tá aitheantas tugtha leis an Rialachán do chomhlacht ar a dtugtar an Comhar Eorpach don Chreidiúnú (EA) a bhfuil comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta ina gcomhaltaí ina gcomhaltaí de agus a chomhoibríonn leis an gCoimisiún.

Faoi 2018, bronnadh 35276 chreidiúnú (creidiúnuithe tosaigh agus athmheasúnuithe)[3]. Faoi dheireadh 2021 bhí méadú tagtha ar an líon sin sa chaoi go raibh 36765 chreidiúnú bronnta[4]. Ní hionann an líon ‘creidiúnaithe’ agus líon na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta. Tagraíonn ‘creidiúnú’ do ghníomhaíocht shonrach measúnaithe comhréireachta (e.g. tástáil[5], creidiúnú[6]) . ***Is féidir i gcás comhlacht um measúnú comhréireachta go mbeidh sé creidiúnaithe i leith níos mó ná aon ghníomhaíocht um measúnú comhréireachta amháin agus earnálacha/raonta gaolmhara(e.g. bréagáin, innealra), agus, dá bhrí sin, go mbeidh níos mó ná aon chreidiúnú amháin aige.***

## 2.2 An creidiúnú i gcomhthéacs bheartais an Aontais

### *2.2.1 An Margadh Aonair agus an Straitéis Tionsclaíochta*

Sa Straitéis Nua Tionsclaíoch don Eoraip[7] agus sa leagan nua di a tháinig amach in 2021[8] tá béim curtha ar an ngá atá le Margadh Aonair níos doimhne lena gcuirfí ar a gcumas do chuideachtaí ar gach méid nuálaíocht a dhéanamh, méadú agus níos mó daoine a fhostú.

---

2 Féach Airteagal 3 den Rialachán.

3 Tuarascáil ó EA MLA, 2018, https://european-accreditation.org/wp-content/uploads/2019/04/EA-MLA-report-2018_9-April.pdf

4 Tuarascáil ó EA MLA, 2021, https://european-accreditation.org/wp-content/uploads/2022/04/EA-MLA-report-2021.pdf

5 Is éard a dhéantar sa tástáil, saintréithe teicniúla táirge a dhéanamh amach. Níl an scrúdú ar chomhréireacht an táirge le ceanglais (idir reachtach agus neamhreachtach) san áireamh sa tástáil.

6 Is éard is creidiúnú ann, an léiriú go bhfuil ceanglais shonracha (idir reachtach agus neamhreachtach) comhlíonta

7 COM(2020) 102 final, 10.03.2020, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020DC0102&from=EN

8 COM(2021) 350 final, 05.05.2021, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021DC0350&from=EN

Sa chomhthéacs sin, sa 'phlean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr'[9] tá an Margadh Aonair i gcroílár chlaochlú tionsclaíoch na hEorpa agus foráiltear ann maidir le héascú breise a dhéanamh ar chúrsaíocht earraí agus seirbhísí ar fud an Aontais.

Nuair a bhíonn córas creidiúnaithe láidir lena n-áirítear go ndéantar measúnú iontaofa ar chomhréireacht agus sábháilteacht táirgí ann, éascaítear saorchúrsaíocht earraí, doimhnítear an margadh aonair, agus, dá bhrí sin, is colún é an córas sin i gcur chun feidhme bheartas tionsclaíoch an Aontais.

Ar a bharr sin, sa Tuarascáil Bhliantúil ar an Margadh Aonair a tháinig amach in 2022[10] tá béim curtha ar a thábhachtaí atá sé scéimeanna creidiúnúcháin a fhorbairt i bpríomhréimsí de bheartais an Aontais maidir le tionsclaíocht agus leis an margadh aonair. I dtaca leis sin de, leis an gcreidiúnú deimhnítear go bhfuil an acmhainn theicniúil is gá ag comhlachtaí um measúnú comhréireachta chun a ndualgais a dhéanamh mar is ceart.

### *2.2.2 An Comhaontú Glas don Eoraip*

Leis an gcreidiúnú is féidir na tosaíochtaí a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip[11] agus sa phacáiste 'Oiriúnach do 55': Sprioc aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach mar chéim ar an mbealach chun aeráidneodracht a bhaint amach[12]', is féidir na tosaíochtaí sin a bhaint amach in aon chás ina bhfuil gá leis an ***measúnú ar chomhréireacht táirgí le clocha míle a bhaineann leis an aeráid agus clocha míle inbhuanaitheachta***.

### *2.2.3 An tAistriú Digiteach*

San Aitheasc ar Staid an Aontais a thug sí uaithi i mí Mheán Fómhair 2021[13], chuir an tUachtarán von der Leyen béim ar an ngá atá ann go múnlódh an Eoraip a claochlú digiteach agus go ndaingneodh sí a ceannasacht dhigiteach.

I dtaca leis sin de, foráiltear le 'Compás Digiteach 2030' ina leagtar síos 'Bealach chuig Deich mBliana Digiteacha na hEorpa'[14] maidir le scileanna digiteacha a fhoghlaim agus maidir le bonneagair dhigiteacha a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de agus éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh de.

***Leis an gcreidiúnú áirithítear inniúlacht na n-eintiteas ar a bhfuil sé de chúram measúnuithe a dhéanamh*** i leith na gceanglas ábhartha, i.e.na ceanglais a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus aeráide.

---

[9] COM(2020) 94 final, 10.03.2020, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020DC0094&from=EN

[10] SWD(2022) 40 final, 22.02.2022 https://ec.europa.eu/docsroom/documents/48877

[11] COM(2019) 640 final, 11.12.2019, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52019DC0640&from=EN

[12] COM(2021) 550 final, 14.07.2021, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021DC0550&from=EN

[13] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/SPEECH_21_4701

[14] COM(2021) 118 final, 09.03.2021, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/TXT/?uri=CELEX%3A52021DC0118

### *2.2.4 An comhrac in aghaidh COVID-19*

Sa Mholadh (AE) 2020/403 ón gCoimisiún a bhain le bagairt COVID-19[15], léiríodh gur measadh gurbh uirlis ríthábhachtach chomhrac in aghaidh na paindéime é an measúnú comhréireachta.

I dtaca leis sin de, áirithíodh leis an gcreidiúnú go raibh na rialuithe a rinne na comhlachtaí um measúnú comhréireachta iontaofa oibiachtúil, ***fiú tráth a mbíodh líon mór monaróirí nua gan taithí ag plódú isteach sa mhargadh***, mar a tharla i dtús phaindéim COVID-19.

### *2.2.5 Beartais earnála*

I gcás roinnt píosaí de reachtaíocht an Aontais téitear i muinín an chreidiúnaithe chun a áirithiú go ndéanfar measúnú iontaofa ar chomhréireacht táirgí agus seirbhísí leis na ceanglais reachtacha is infheidhme.

***Leis na píosaí reachtaíochta sin cumhdaítear réimse leathan earnálacha*** amhail: bréagáin, innealra, táirgí foirgníochta, brú-threalamh, ardaitheoirí, árthaí áineasa, trealamh raidió, pléascáin le haghaidh úsáidí sibhialta, trealamh atá ceaptha lena úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (ATEX), earraí piriteicniúla, fearais gháis, trealamh cosanta pearsanta lena n-áirítear maisc chosanta in aghaidh COVID-19, feistí leighis, córais aerárthaí gan foireann, feithiclí, iarnróid, leasacháin, bia agus beatha, cibearshlándáil, astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin as muiriompar, fíorú tuarascálacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.

## 2.3 Comhar Eorpach don Chreidiúnú (EA) agus cistiú ón gCoimisiún

De réir mar a leagtar síos sa Rialachán, d'aithin an Coimisiún gurb é an Comhar Eorpach don Chreidiúnú (AE) croílár an bhonneagair creidiúnaithe Eorpaigh agus táthar ag tabhairt cistiú do EA leis[16].

I mí na Nollag 2018, shínigh an Coimisiún agus EA an tríú creat-chomhaontú comhpháirtíochta a bhí le bheith ann ar feadh ceithre bliana (go mí na Nollaig 2022). Leis an gcreat-chomhaontú comhpháirtíochta sin is féidir tacaíocht airgeadais a thabhairt do EA chun a chúraimí a dhéanamh. Tráth scríobh na tuarascála seo, tá ceithre dheontas oibríochtúla, EUR 722 900 an ceann, eisíoctha faoin gcreat-chomhaontú comhpháirtíochta sin. Comhfhreagraíonn an tsuim sin do thart ar 45.73 % de bhuiséad foriomlán EA le haghaidh 2022.

Tá an Coimisiún agus EA ag plé an cheathrú creat-chomhaontú comhpháirtíochta faoi láthair.

**Ar na gníomhaíochtaí AE atá incháilithe do chistiú AE tá an méid seo a leanas:**

- **obair theicniúil a dhéanamh atá nasctha leis an gcóras um meastóireacht piaraí;**
- **saineolas teicniúil a chur ar fáil do sheirbhísí éagsúla de chuid an Choimisiún chun an creidiúnú a chur san áireamh i dtionscadail reachtacha nó chun reachtaíocht earnála a chur chun feidhme;**
- **nósanna imeachta creidiúnaithe a chomhchuibhiú;**

[15] Moladh (AE) 2020/403 ón gCoimisiún an 13 Márta 2020 maidir leis an measúnú comhréireachta agus leis na nósanna imeachta faireachais margaidh i gcomhthéacs bhagairt COVID-19, C/2020/1712,OJ L 79I , 16.3.2020, p. 1–5, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32020H0403

[16] Féach Airteagal 14 den Rialachán.

- **páirt a ghlacadh in eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós ILAC agus IAF agus comhar idirnáisiúnta.**

De bhreis air sin, bhí EA ag obair le páirtithe leasmhara trína Bhord Comhairleach.

Chomh maith leis an deontas oibríochtúil bliantúil, leagtar síos sa chreat-chomhaontú comhpháirtíochta le EA gur féidir tionscadail shonracha a mhaoiniú. Maidir leis sin, in 2020 bhronn an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) do EA conradh EUR 410 000 chun leanúint leis an tionscadal '*Support services regarding the accreditation/certification aspects of the project on a European voluntary Quality Assurance scheme for Breast Cancer Services*' [Seirbhísí tacaíochta i leith ghnéithe creidiúnaithe/deimhniúcháin an tionscadail maidir le scéim dheonach Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta le haghaidh Seirbhísí Ailse Cíche]'. Tá an tionscadal ar bun fós tráth scríobh na tuarascála seo agus táthar ag súil go gcuirfear críoch leis an gcéad sheimeastar de 2023.

Tháinig an-toradh ar an gcomhar le EA ar an iomlán. Aithnítear gurb é EA 'baile' nádúrtha an chórais creidiúnaithe Eorpaigh. De bharr obair EA agus a chomhaltaí, aithnítear go bhfuil an creidiúnú ríthábhachtach i leith fheabhsú iomaíochas gheilleagar an Aontais agus go gcosnaítear leas an phobail leis san am céanna.

### 2.4 An córas um meastóireacht piaraí

Is é córas um meastóireacht piaraí[17] na gcomhaltaí creidiúnaithe náisiúnta bunchloch an chórais creidiúnaithe Eorpaigh. Déantar meastóireachtaí piaraí ar chórais, nósanna imeachta agus struchtúir na gcomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta gach ceithre bliana ar a dhéanaí.

**Is é is aidhm don chóras um meastóireacht piaraí comhsheasmhacht agus coibhéis i gcleachtais chreidiúnaithe a áirithiú ar fud na hEorpa ionas go n- aithneoidh na húdaráis phoiblí náisiúnta agus an margadh níos leithne go frithpháirteach na seirbhísí a sholáthraíonn na comhlachtaí creidiúnaithe sin ar éirigh an mheastóireacht piaraí leo, agus dá bhrí sin go nglacfaidh siad leis na deimhnithe creidiúnaithe agus na fianuithe arna n- eisiúint ag na comhlachtaí um measúnú comhréireachta a bheidh creidiúnaithe acu.**

Is é eagrú na meastóireachta piaraí bunfheidhm EA[18]. Tá EA ag eagrú, ag bainistiú agus ag oibriú an córas um meastóireacht piaraí.

Tar éis na meastóireachta piara a d'éirigh leo, d'éirigh na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta ina sínitheoirí le Comhaontú Iltaobhach an EA (MLA)[19] um aithint fhrithpháirteach deimhnithe creidiúnaithe. Ní mór meastóireacht piaraí a bheith déanta agus toradh dearfach uirthi sular féidir deimhnithe creidiúnuithe a aithint go frithpháirteach.

Léirigh an córas um meastóireacht piaraí a láidre agus atá sé trína áirithiú go bhfuil ardleibhéal inniúlachta ag comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta.

---

[17] Féach Airteagal 10 den Rialachán.

[18] Féach Airteagail 10, 11 agus 13 den Rialachán seo.

[19] Tá Comhaontú Iltaobhach EA (EA MLA) ina chomhaontú a n-aithníonn agus a nglacann na sínitheoirí leis go bhfuil na córais chreidiúnaithe a oibríonn na sínitheoirí leis coibhéiseach le chéile, agus, chomh maith leis sin, go bhfuil an torthaí measúnúcháin a thugann na comhaltaí um measúnú comhréireachta arna gcreidiúnú ag na sínitheoirí leis, go bhfuil na torthaí sin iontaofa.

Ina gcuid d'oibriú agus bainistiú an chórais meastóireachta piara in 2017-2021 bhí[20]:

| Bliain | An líon meastóireachtaí a rinneadh[21] | Iomlán na laethanta oibre meastóireachta |
|---|---|---|
| 2017 | 18 | 1080 |
| 2018 | 18 | 1393 |
| 2019 | 16 | 935 |
| 2020[22] | 7 | 335 |
| 2021 | 25 | 1764 |

I gcás na tréimhse atá cumhdaithe leis an tuarascáil seo, thuairiscigh an córas meastóireachta piaraí an líon torthaí seo a leanas, cásanna inar ghá do na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh. Is éard atá sna torthaí, 'neamhréireachtaí' nó 'barúlacha', i.e. moltaí i leith feabhsú is féidir a dhéanamh. Go dtí an bhliain 2020 (an bhliain sin san áireamh, bhí an fhéidearthacht ann go mbeadh 'ábhair imní' na meastóirí faoi neamhréireachtaí féideartha san áireamh freisin. Cumhdaítear na 'hábhair imní' sin feasta faoi 'neamhréireachtaí'. Tá comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta i mbun gníomhaíocht cheartaitheach chun na 'neamhréireachtaí' a leigheas agus chun aghaidh a thabhairt ar na 'barúlacha'. Tá EA ag déanamh faireacháin ar conas atá an ghníomhaíocht cheartaitheach á cur chun feidhme.

| Bliain | Neamhréireachtaí | Ábhair imní | Nótaí |
|---|---|---|---|
| 2017[23] | 116 | 185 | 131 |
| 2018[24] | 84 | 139 | 81 |
| 2019[25] | 71 | 170 | 125 |
| 2020[26] | 62 | 94 | 56 |
| 2021[27] | 239 | Ní infheidhme a thuilleadh | 193 |

## 2.5 Creidiúnú chun tacú le tabhairt fógraí

Is éard is tabhairt fógraí ann an cur in iúl a dhéanann Údarás a Thugann Fógra a bhaineann le Ballstát don Choimisiún agus do na Ballstáit eile gur ainmnigh sé comhlacht um measúnú comhréireachta faoi ghníomh comhchuibhiúcháin de chuid an Aontais agus go gcomhlíonann an comhlacht sin na ceanglais ábhartha a leagtar amach san ghníomh sin. Ní mór do na

20 Tuarascáil ó EA MLA, 2020, https://european-accreditation.org/wp-content/uploads/2021/04/EA-MLA-report-2020.pdf agus tuarascáil ó EA MLA, 2021, https://european-accreditation.org/wp-content/uploads/2022/04/EA-MLA-report-2021.pdf

21 Meastóireachtaí tosaigh, athmheastóireachtaí bíodh síntí raon feidhme nó ná bíodh.

22 De bharr na paindéime, cuireadh roinnt meastóireachtaí siar go 2021.

23 Tuarascáil ó EA MLA, 2017, https://european-accreditation.org/wp-content/uploads/2018/10/ea-mla-report-2017.pdf

24 Tuarascáil ó EA MLA, 2018, https://european-accreditation.org/wp-content/uploads/2019/04/EA-MLA-report-2018_9-April.pdf

25 Tuarascáil ó EA MLA, 2019, https://european-accreditation.org/wp-content/uploads/2020/04/EA-MLA-report-2019.pdf

26 Tuarascáil ó EA MLA, 2020, https://european-accreditation.org/wp-content/uploads/2021/04/EA-MLA-report-2020.pdf

27 Tuarascáil ó EA MLA, 2021, https://european-accreditation.org/wp-content/uploads/2022/04/EA-MLA-report-2021.pdf

Ballstáit a áirithiú go mbeidh a gcuid Comhlachtaí faoina dTugtar Fógra inniúil i leith Ballstáit eile agus institiúidí an Aontais.

**Is é an creidiúnú an modh is mó a úsáidtear chun fíorú a dhéanamh ar inniúlacht comhlachtaí um measúnú comhréireachta ar mian leo go dtabharfaí fógra fúthu.**

- **Ós rud é go bhfuil an córas um meastóireacht piaraí ann is féidir ábaltacht agus inniúlacht na gComhlachtaí Creidiúnaithe Náisiúnta agus comhsheasmhacht agus coibhéis na gcleachtas creidiúnaithe a áirithiú ar fud an Aontais;**
- **Tá an creidiúnú bunaithe ar Chaighdeáin Chomhchuibhithe sa chaoi go n-áirithítear leis go mbeidh an mheastóireacht ar na comhlachtaí um measúnú comhréireachta chomh dian céanna ar fud an Aontais;**
- **Leis an gcreidiúnú leagtar síos nósanna imeachta maidir le meastóireacht agus faireachas tráthrialta ar na comhlachtaí um measúnú comhréireachta creidiúnaithe;**
- **Leis an gcreidiúnú leagtar síos nósanna imeachta achomhairc trédhearcacha in éadan cinneadh Comhlacht Creidiúnaithe Náisiúnta.**

Mar sin féin, seachas an creidiúnú, is féidir cead a thabhairt nósanna imeachta eile a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar inniúlachta comhlachtaí um measúnú comhréireachta chomh maith. Sna cásanna sin, ní mór fianaise a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile go gcomhlíonann an comhlacht arna mheasúnú na ceanglais rialála uile is in fheidhme[28].

Tháinig méadú ar chion na bhfógraí a tugadh faoi chomhlachtaí um measúnú comhréireachta le himeacht na mblianta. Léiríonn sin an mhuinín atá ag na hoibreoirí eacnamaíocha i mbuntáistí an chreidiúnaithe.

Féadfaidh Comhlacht faoina dTugtar Fógra cuid dá chuid oibre a ligean ar conradh. Os a choinne sin, is iad na cúraimí a bhfuil inniúlacht aige ina leith agus na cúraimí sin amháin a fhéadfaidh sé a ligean ar conradh. Is féidir nach amhlaidh a ligeann Comhlacht faoina dTugtar Fógra cuid den obair ar conradh toisc nach bhfuil an inniúlacht agus t- eolas is gá aige. Ní hionann obair a ligean ar conradh agus tarmligean cumhachtaí ná oibleagáidí chuig an bhfochonraitheoir.

Maidir leis sin, déanann an Comhlacht Creidiúnaithe Náisiúnta agus an tÚdarás a Thugann Fógra measúnú ar a mhéid a bhfuil sé de rún ag an gcomhlacht um measúnú comhréireachta brath ar fhochonraitheoirí agus féadfaidh siad tarraingt siar agus teorainn a chur le scóip an chreidiúnaithe agus na tabhartha fógra.

Tá achoimre sa tábla seo a leanas ar líon na bhfógraí creidiúnaithe agus líon na bhfógraí neamhchreidiúnaithe[29].

| Bliain | Líon iomlán fógraí | Neamhchreidiúnaithe | Creidiúnaithe | Creidiúnaithe mar % de na fógraí uile |
|---|---|---|---|---|
| 2009[30] | 2249 | 1089 | 1118 | 48.4 |
| 2017[31] | 2708 | 472 | 2236 | 82.6 |


28 Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.
29 De réir mar a baineadh as an gcóras faisnéise i leith Comhlachtaí faoina dTugtar Fógra (NANDO)
30 Roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin
31 Staid na himeartha an 3 Samhain 2017

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2022[32] | 2507 | 420 | 2087 | 83.2 |

Is é an líon mór Comhlachtaí faoina dTugtar Fógra (idir chreidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe) a bhí ag an Ríocht Aontaithe is cúis leis an laghdú 7.9 pointe céatadáin ar líon iomlán na bhfógraí idir 2017 agus 2022. Mar sin féin tháinig méadú ar chéatadán na bhfógraí creidiúnaithe mar chéatadán de na fógraí uile idir 2017 agus 2022.

Sna táblaí seo a leanas tá miondealú na bhfógraí in aghaidh an Bhallstáit agus an phíosa reachtaíochta tráth scríobh an tuarascáil seo[33].

32 Staid na himeartha an 7 Meán Fómhair 2022
33 Staid na himeartha an 7 Meán Fómhair 2022


Fógraí in aghaidh na tíre (creidiúnaithe vs neamhchreidiúnaithe)
100%
90%
80%
70%
60%
50%
40%
30%
20%
10%
0%
An Ostair
An Bheilg
An Bhulgáir
An Chróit
An Chipir
Poblacht na Seice
An Danmhairg
An Eastóin
An Fhionlainn
An Fhrainc
An Ghearmáin
An Ghréig
An Ungáir
An Íoslainn
Éire
An Iodáil
An Laitvia
Lichtinstéin
An Liotuáin
Lucsamburg
Málta
An Ísiltír
An Iorua
An Pholainn
An Phoirtingéil
An Rómáin
An tSlóvaic
An tSlóivéin
An Spáinn
An tSualainn
An Tuirc
Creidiúnaithe
Neamhchreidiúnaithe

| | Reachtaíocht | Creidiúnaithe | Neamhchreidiú naithe |
|---|---|---|---|
| 1 | 90/385/CEE Feistí leighis gníomhacha so-ionchlannaithe[34] | 3 | 7 |
| 2 | 92/42/CEE Coirí uisce the | 34 | 1 |
| 3 | 93/42/CEE Feistí leighis[35] | 21 | 28 |
| 4 | 98/79/EC Feistí leighis diagnóiseacha in vitro[36] | 10 | 9 |
| 5 | 2000/14/EC Astaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh lena úsáid lasmuigh | 37 | 8 |
| 6 | 2006/42/CE Innealra | 150 | 9 |
| 7 | 2009/48/CE Sábháilteacht bréagán | 35 | 7 |
| 8 | 2010/35/AE Brú-threalamh iniompartha | 140 | 2 |
| 9 | 2013/29/AE Earraí piriteicniúla | 10 | 0 |
| 10 | 2013/53/AE Árthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta | 21 | 11 |
| 11 | 2014/28/EU pléascáin le haghaidh úsáidí sibhialta | 6 | 4 |
| 12 | 2014/29/AE Brú-threalamh simplí | 62 | 8 |
| 13 | 2014/30/AE Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach | 56 | 16 |
| 14 | 2014/31/AE Uirlisí neamh-uathoibríocha meáite | 41 | 30 |
| 15 | 2014/32/AE An Treoir um Uirlisí Tomhais | 58 | 31 |
| 16 | 2014/33/AE Ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí | 220 | 13 |
| 17 | 2014/34/AE Trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (athmhúnlú) | 67 | 6 |
| 18 | 2014/53/AE Trealamh Raidió | 35 | 14 |
| 19 | 2014/68/AE Brú-threalamh | 283 | 32 |
| 20 | 2014/90/AE Trealamh muirí | 29 | 17 |
| 21 | 2016/797 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid | 46 | 13 |
| 22 | Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 Táirgí foirgníochta | 529 | 126 |
| 23 | Rialachán (AE) 2016/424 Suiteálacha cábla-bhealaigh | 14 | 4 |
| 24 | Rialachán (AE) 2016/425 Trealamh cosanta pearsanta | 87 | 20 |
| 25 | Rialachán (AE) 2016/426 Fearais a dhónn breoslaí gásacha | 38 | 4 |
| 26 | Rialachán (AE) 2017/745 Feistí Leighis | 32 | 0 |
| 27 | Rialachán (AE) 2017/746 Feistí leighis diagnóiseacha in vitro | 7 | 0 |
| 28 | Rialachán (AE) Uimh. 2019/1009 Táirgí leasacháin | 9 | 0 |
| 29 | Rialachán (AE) 2019/945 Córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann | 5 | 0 |

[34] Ón 26 Bealtaine 2021 ar aghaidh, ní fhéadfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra arna n-ainmniú faoi Threoir 90/385/CEE deimhnithe nua a eisiúint a thuilleadh faoin Treoir sin, ach ní ceadmhach dóibh ach gníomhaíochtaí faireachais a dhéanamh i gcás deimhnithe a eisíodh go bailí faoi Treoir sin san idirthréimhse, mar a leagtar síos in Airteagal 120 de Rialachán (AE) 2017/745 maidir le feistí leighis (líne 26 den tábla).

[35] Ón 26 Bealtaine 2021 ar aghaidh, ní fhéadfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra arna n-ainmniú faoi Threoir 93/42/CEE deimhnithe nua a eisiúint a thuilleadh faoin Treoir sin, ach ní ceadmhach dóibh ach gníomhaíochtaí faireachais a dhéanamh i gcás deimhnithe a eisíodh go bailí faoi Treoir sin san idirthréimhse, mar a leagtar síos in Airteagal 120 de Rialachán (AE) 2017/745 maidir le feistí leighis (líne 26 den tábla).

[36] Ón 26 Bealtaine 2022 ar aghaidh, ní fhéadfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra arna n-ainmniú faoi Threoir 98/79/CE deimhnithe nua a eisiúint a thuilleadh faoin Treoir sin, ach ní ceadmhach dóibh ach gníomhaíochtaí faireachais a dhéanamh i gcás deimhnithe a eisíodh go bailí faoi Treoir sin san idirthréimhse, mar a leagtar síos in Airteagal 110 de Rialachán (AE) 2017/746 maidir le feistí leighis in vitro (líne 27 den tábla).

| | | | |
|---|---|---|---|
| 30 | Rialachán (AE) 2020/204 an 28 Samhain 2019 maidir le hoibleagáidí mionsonraithe soláthraithe Eorpacha um Sheirbhís Dolaí Leictreonacha | 2 | 0 |

### 2.6 An comhaontú le Ceanada a chur chun feidhme

Sa Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada (CETA) tá Prótacal maidir le glacadh go frithpháirteach le torthaí an mheasúnaithe comhréireachta ('an Prótacal')[37]. Tá an prótacal sin ag brath ar an gcreidiúnú.

**Faoin bPrótacal, nuair a bheidh comhlacht um measúnú comhréireachta san Aontas ainmnithe, féadfaidh sé táirgí atá le hallmhairiú go Ceanada a thástáil de réir rialacha Cheanada agus *vice versa*.**

Shínigh EA agus comhlacht creidiúnaithe náisiúnta Cheanada, 'the Standards Council of Canada (SCC)', comhaontú comhair in 2019 lena bhforáiltear maidir le malartú faisnéise agus saineolaithe le haghaidh measúnuithe ar an láthair agus chun nósanna imeachta a leagan síos maidir le cur chun feidhme an Phrótacail[38].

Is iad seo na hearnálacha a chumhdaítear leis an bPrótacal: Trealamh leictreach agus leictreonach, Trealamh Raidió, Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach, Bréagáin, Táirgí foirgníochta, Innealra, Ionstraimí tomhais, Coirí uisce the, Trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach, Astaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh lena úsáid lasmuigh, Árthaí áineasa.

Le linn chruinniú Chomhchoiste CETA an 25 Márta 2021, rinne Ceanada agus an tAontas machnamh ar na torthaí dearfacha maidir le cur chun feidhme Phrótacal CETA.

Ghlac an Coimisiún treoirdhoiciméad agus foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é an 1 Meán Fómhair 2021[39]. Tá aghaidh tugtha sa doiciméad ar na nithe seo a leanas:

- Raon feidhme an Phrótacail;
- Na coinníollacha a bhaineann le comhlachtaí creidiúnaithe agus comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá bunaithe sa chríoch eile (Ceanada nó an tAontas) a aithint (agus deireadh a chur leis an aitheantas sin);
- Tuarascálacha a ghlacadh ó chomhlachtaí um measúnú comhréireachta aitheanta;
- Na bealaí a bhfíoróidh údaráis um fhaireachas margaidh nó um fhorghníomhúcháin comhréireacht na dtáirgí arna measúnú ag comhlacht um measúnú comhréireachta atá bunaithe sa chríoch eile.

Le linn chruinniú Chomhchoiste CETA an 8 Márta 2022, d'aithin Ceanada agus an tAontas gur bhain forbairtí dearfacha le cur chun feidhme Phrótacal CETA agus chomhaontaigh siad ar bheith ag obair i dtreo raon feidhme ghlacadh frithpháirteach na dtorthaí ar an measúnú comhréireacha a leathnú chun go gcumhdódh sé earnálacha breise.

---

37 IO L 11, 14.1.2017, lch. 567

38 https://european-accreditation.org/implementation-of-ceta-ea-renewed-with-scc-the-bilateral-cooperation-agreement/

39 Fógra ón gCoimisiún, - Treoraíocht Cur chun Feidhme le haghaidh an Phrótacail a ghabhann le Comhaontú CETA idir Ceanada, an tAontas Eorpach agus na Ballstáit dá chuid maidir le glacadh frithpháirteach torthaí measúnuithe comhréireachta, IO C 351, 1.9.2021, lch. 1

### 2.7 Teicnící cianmheasúnúcháin

Ó bhí ráig phaindéim COVID-19 ann, tá ag méadú ar an méid a úsáidtear modhanna cianmheasúnúcháin sna próisis chreidiúnaithe agus mheasúnaithe comhréireachta.

> **Ceann de na príomhchúraimí atá ann mar sin, comhtháthú córasach na modhanna cianmheasúnúcháin sna próisis chreidiúnaithe agus mheasúnaithe comhréireachta, agus a áirithiú go mbeidh na measúnuithe iontaofa dian fós.**

Maidir leis sin, cuireadh na nithe seo a leanas san áireamh:

- Ós rud é go bhfuil an ***creidiúnú bunaithe ar Chaighdeáin Chomhchuibhithe***, agus go bhfuil cuid mhór acu nach bhforáiltear go sainráite leo maidir le teicnící cianmheasúnúcháin, tá sé ríthábhachtach go n-áiritheofar nach gcuirfear sláinte agus sábháilteacht táirgí san Aontas agus ról na gComhlachtaí faoina dTugtar Fógra sa mheasúnú comhréireachta, nach gcuirfear an dá ní sin i mbaol le cur i bhfeidhm na gcaighdeán sin i gcomhthéacs na dteicnící sin.

- Is féidir go mbeidh an méid úsáide a bhainfear as modhanna cianmheasúnúcháin ag brath ar shainiúlachtaí na hearnála lena mbaineann, ar nós a chasta atá an táirge agus an teicneolaíocht i gceist, an tionchar ar leas an phobail, méid an oibreora lena mbaineann agus cineál an phróisis táirgthe (e.g. olltáirgeadh nó táirgeadh sraithe bige).

San am i láthair tá na páirtithe leasmhara i leith measúnú creidiúnaithe agus comhréireachta ag bailiú taithí fós ó úsáid na dteicnící cianmheasúnúcháin agus tá díospóireacht ar bun acu faoi na nithe seo a leanas:

- An poitéinseal a bhaineann le teicnící cianmheasúnúcháin a úsáid chun ***measúnuithe ar an láthair a chomhlánú***;
- Na ***buntáistí*** a bhaineann leo e.g. ó thaobh éifeachtúlachta, laghdú costas agus a dhíonaí atá siad ar phaindéimí;
- ***A éifeachtúla agus a iontaofa*** atá siad i gcomparáid leis na meastóireachtaí ar an láthair;
- An cheist an féidir iad a úsáid freisin le linn na meastóireachta tosaigh ar chomhlacht um measúnú comhréireachta, nó chun faireachán a dhéanamh ***ar chomhlachtaí ar na gcreidiúnú amháin***;
- An cheist an bhfuil codanna den mheasúnú creidiúnaithe agus comhréireachta ann ***nach féidir a dhéanamh go cianda mar réamhshocrú***, nó fiú an cheist an bhfuil earnálacha táirgí iomlána nach mór meastóireachtaí a dhéanamh ar an láthair orthu i gcónaí;
- ***An gá atá ann na próisis chreidiúnaithe agus mheasúnaithe comhréireachta a mhodhnú*** chun gur fusa úsáid a bhaint as teicnící cianmheasúnúcháin gan iontaofacht agus oibiachtúlacht na bpróiseas a chur i mbaol.

Ní féidir, leis an taithí a bailíodh go dtí seo agus de bharr na gceisteanna nár fuasclaíodh fós, tráth scríobh na tuarascála seo, an bealach beacht a n-úsáidfear na teicnící cianmheasúnúcháin amach anseo a thuar. Táthar ag súil go dtiocfaidh tuairimí na rialálaithe agus na bpáirtithe

leasmhara sna blianta beaga amach romhainn. Idir an dá linn, measann na páirtithe leasmhara gurb iad na modhanna ar an láthair na modhanna normálta.

## 3. MARCÁIL CE

### 3.1 Ról na marcála CE

Nuair a bhíonn comhréireacht táirge le ceanglais reachtacha an Aontais is infheidhme léirithe, greamaíonn an monaróir, as a fhreagracht féin amháin, an mharcáil CE ar an táirge.

**Tríd an marcáil CE a ghreamú, cuireann an monaróir in iúl, as a fhreagracht dlí féin amháin, go bhfuil an táirge i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais lena bhforáiltear le greamú na marcála sin.**

Dá bhrí sin, is príomhtháscaire í an mharcáil CE i leith comhréireacht táirge le reachtaíocht an Aontais agus is í an chuid is infheicthe í de nós imeachta measúnaithe a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus a bhfuil feidhm aige maidir leis an táirge i gceist. Leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme de chuid an Aontais ar cheart an monaróir é féin an measúnú táirge sin a dhéanamh nó ar cheart comhlacht um measúnú comhréireachta a bheith rannpháirteach sa mheasúnú sin.

**Is é an monaróir, cibé acu laistigh nó lasmuigh den Aontas atá sé bunaithe, an t- eintiteas ar a bhfuil an fhreagracht dlí faoi dheoidh as comhréireacht an táirge leis na forálacha de chuid reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú agus as an mharcáil CE a ghreamú; cibé acu a bhí comhlacht um measúnú comhréireachta rannpháirteach sna seiceálacha táirge nó nach raibh.**

Is leis an Rialachán a leagtar síos an creat dlí maidir leis an marcáil CE.

Foráiltear le roinnt píosaí reachtaíochta earnála de chuid an Aontais maidir le greamú na marcála CE. Leis na píosaí reachtaíochta sin cumhdaítear réimse leathan táirgí amhail: bréagáin, innealra, táirgí foirgníochta, brú-threalamh, ardaitheoirí, árthaí áineasa, trealamh raidió, pléascáin le haghaidh úsáidí sibhialta, trealamh atá ceaptha lena úsáid in atmaisféir a d’fhéadfadh a bheith pléascach (ATEX), earraí piriteicniúla, fearais gháis, trealamh cosanta pearsana, feistí leighis.

### 3.2 Plé leis na páirtithe leasmhara

Ag freagairt dó ar cheisteanna ó pháirtithe leasmhara faoin marcáil CE, chuir an Coimisiún béim ar na nithe seo a leanas:

- ***Ní marcáil tionscnaimh é an mharcáil CE agus ní chuirtear in iúl léi gur monaraíodh an táirge san Aontas Eorpach.*** Ní mór d’oibreoirí eacnamaíocha, bíodh siad bunaithe laistigh nó lasmuigh den Aontas, an mharcáil a ghreamú i gcás ina bhfuil a dtáirgí ceaptha do mhargadh an Aontais, agus, dá bhrí sin, ní mór dóibh an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais a chomhlíonadh.

  Is amhlaidh freisin nach comhartha í an mharcáil CE gur fhormheas údarás náisiúnta ná údarás eile na táirgí.

- Níl an marcáil CE ar gach táirge. ***Ní gá marcáil CE a chur ar tháirge ach amháin má fhoráiltear maidir leis sin leis an reachtaíocht is infheidhme.***

  Dá bhrí sin, ní don mhonaróir a thagraíonn an mharcáil CE ach don táirge. Is ionann sin agus a rá go bhféadfaidh aon chuideachta amháin roinnt táirgí a tháirgeadh a mbeidh an mharcáil CE ar chuid acu agus nach mbeidh sí ar chuid eile.

- ***Níl aon údarás ann a 'bhronnann' an mharcáil CE ná níl aon 'ionadaí' ann i leith na marcála sin;*** is dearbhú ón monaróir í an mharcáil CE. Mar sin féin, foráiltear le reachtaíocht an Aontais maidir le tacar doiciméad ar gá iad a chur le gach táirge ar a bhfuil an mharcáil CE: doiciméadacht theicniúil agus dearbhú comhréireachta.

- I gcás ina bhfuil sé éigeantach go bhfuil comhlacht um measúnú comhréireachta rannpháirteach sa phróiseas measúnaithe comhréireachta de réir na reachtaíochta is infheidhme de chuid an Aontais, is iad na comhlachtaí um measúnú comhréireachta faoina dtugtar fógra amháin is ceadmhach a bheith rannpháirteach.

- ***Tugtar an chéad tásc leis an marcáil CE*** gur féidir glacadh leis gur cuireadh i gcrích an mheastóireacht riachtanach, sula gcuirtear an táirge i gceist ar an margadh, chun a chomhréireacht leis na ceanglais reachtacha a áirithiú.

  Mar sin féin, ***rialaíonn údaráis um fhaireachas margaidh táirgí a chuirtear ar fáil ar an margadh.*** Is é an chuspóir atá leo go gcomhlíonfaidh na táirgí na ceanglais is infheidhme lena gcuirtear ar fáil ardleibhéal cosanta leasanna poiblí ar nós sláinte agus slándála, cosaint tomhaltóirí agus cosaint an chomhshaoil.

### 3.3 Forfheidhmiú

Bhraith údaráis náisiúnta an líon cásanna neamh-comhréireachta seo a leanas maidir leis an marcáil CE agus nó leis an doiciméadacht a ghabhann léi[40].

| Bliain | An líon cigireachtaí | Líon na gcásanna neamh-chomhréireachta |
|---|---|---|
| 2017 | 9262 | 1347 |
| 2018 | 11648 | 1362 |
| 2019 | 13653 | 1257 |
| 2020 | 13181 | 2285 |
| 2021 | 15584 | 1716 |
| 2022[41] | 12817 | 1974 |

## 4. CONCLÚIDÍ

Leis an Rialachán tá creat dlí daingean leagtha síos le haghaidh an chreidiúnaithe agus na marcála CE. Maidir leis sin, sa 'Mheasúnú ar an gCreat Reachtach Nua (NLF)' a rinne seirbhísí an Choimisiúin in 2022 aithnítear an méid seo a leanas i gcomhréir leis an tuarascáil seo:

[40] De réir mar a chláraigh na húdaráis um fhaireachas margaidh sa Chóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS), an sásra comhair a chumhdaíonn an tAontas ar fad le haghaidh údaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh

[41] Staid na himeartha an 22 Meán Fómhair 2022

- Is ***rómhór an ghnóthachain*** é gur glacadh agus gur cuireadh chun feidhme go praiticiúil ***creat dlí an Aontais le haghaidh an chreidiúnaithe*** faoin gcuspóir atá ann an córas measúnaithe comhréireachta a dhaingniú san Eoraip;
- Tá na forálacha maidir leis an marcáil CE soiléir, feabhsaíonn siad soiléireacht agus creidiúnacht na marcála, méadaíonn siad aird an tionscail ar cheanglais na marcála CE, neartaíonn siad infheictheacht na marcála CE, agus réitíonn siad neamhréireanna beaga idir píosaí éagsúla reachtaíochta.

Ós rud é go bhfuil an creidiúnú agus an mharcáil CE ina mbonn ag cur chun feidhme roinnt beartas de chuid an Aontais, is príomhdhúshlán é a ndaingne agus a n-iontaofacht a neartú. Maidir leis sin, tháinig ar an gconclúid sa 'Mheasúnú ar an gCreat Reachtach Nua (NLF)', i gcomhréir leis an tuarascáil seo, go bhfuil sé tábhachtach:

- A áirithiú go nglacfar na Caighdeáin Chomhchuibhithe ábhartha trí phróiseas caighdeánaithe atá tapúil agus éifeachtach agus leanúint de bheith i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na nithe is úrscothaí a chur san áireamh;
- Fáil amach faoi bhealaí ***ar féidir le modhanna cianmheasúnúcháin na próisis mheasúnaithe creidiúnúcháin agus comhréireachta a éascú***, i gcás inarb iomchuí;
- A áirithiú go mbeidh ***na hacmhainní is gá*** ag na Comhlachtaí Creidiúnaithe Náisiúnta agus ag na hÚdaráis faoina dTugtar Fógra ***chun faireachán a dhéanamh*** ar na cúraimí a ligeann na hÚdaráis faoina dTugtar Fógra creidiúnaithe ar conradh, go háirithe nuair a dhéantar na cúraimí sin i mBallstát eile nó i dtríú tír;
- Fáil amach faoi ***phoitéinseal an digitithe*** ó thaobh shimpliú na n-oibleagáidí riaracháin a bhaineann le greamú an mharcála CE de.

Ar a bharr sin, tá sí ríthábhachtach go leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le EA chun cuidiú leis a chúraimí a chur chun feidhme agus chun comhordú na ngníomhaíochtaí creidiúnúcháin chomh maith le hoibriú an chórais meastóireachta piaraí a áirithiú.

Leanfaidh an Coimisiún de bheidh ag cur chun cinn úsáid an chreidiúnaithe agus na marcála CE in aon togra nua lena gceanglófar meastóireacht chomhréireachta a dhéanamh.